Vacsaín MenC
Bileog Eolais do Thuismitheoirí

Cad is galar meiningeacocúil C ann?
Tá an galar Meiningeacocúil C ina thinneas tromchúiseach a d'fhéadfadh a bheith marfach uaireanta. D'fhéadfadh meiningíteas agus seipticéime a bheith mar thoradh air. I measc na siomptóim, tá fiabhras, muineál righin, tinneas cinn, pianta sna hailt agus gríos.

Conas a scaiptear an galar MenC?
Maireann na baictéir a mbíonn an galar meiningíteas C mar thoradh air, sa tsrón agus sa scornach. Is féidir le duine a bhfuil an baictéar á iompar aige/aici an galar a scaipeadh trí chasacht, sraothartach nó ag análú fiú.

Cad iad na galair atá mar thoradh air?
D'fhéadfadh galair thromchúiseacha a bheith mar thoradh ar MenC, ina measc:
- meiningíteas (athlasadh na líneála timpeall na h-inchinne), agus
- seipticéime (nimhiú fola)

Cé is mó atá i mbaol?
Is mó a fheictear an galar MenC i bpáistí óga faoi bhun 5 bliana d'aois.Tá leanaí faoi bhun aon bhliain d'aois i mbaol ach go háirithe. Tá sé coitianta i ndéagóirí freisin idir 15-19 bliana d'aois.

An bhfuil aon vacsaín ann i gcoinne MenC?
Ó 2000, tá vacsaín MenC curtha san áireamh sa chlár imdhíonta óige.

Ba chóir do leanaí a saolaítear ar, nó i ndiaidh, an 1ú Iúil 2015 an vacsaín MenC a fháil ag 4 mhí d'aois agus dáileog bhreise a fháil ag 13 mhí, ag an am céanna leis na vacsaíní eile.

Ba chóir leanaí a rugadh roimh 1ú Iúil 2015 an vacsaín MenC a fháil ag 4 mhí agus 6 mhí d'aois le dáileog bhreise ag 13 mhí, ag an am céanna leis na vacsaíní eile.

Cén fáth a bhfuil an bunsceideal imdhíonta óige athraithe?
Tá an sceideal imdhíonta MenC athraithe ó thrí dháileog ag ceithre mhí, sé mhí agus 13 mhí go dhá dháileog ag ceithre mhí agus 13 mhí.

Tá an sceideal athraithe mar go bhfuil a fhios againn anois go dtugann dhá dháileog an chosaint céanna do leanaí is a thugann trí dháileog.

An bhfuil sé sábháilte níos mó ná vacsaín amháin a fháil ag an am céanna?
Tá sé sábháilte. Tá na vacsaíní amaithe chun an chosaint is fearr a thabhairt do do leanbh.

An bhfuil teanndáileog MenC de dhíth ó mo pháiste?
Ar mhaithe le cosaint bhreise in aghaidh ionfhabhtaithe MenC a fháil, ba chóir dod' leanbh teanndáileog MenC a fháil ag 13 mhí, ag an am céanna leis an vacsaín Hib.

Tugtar an dara teanndáileog den vacsaín MenC sa chéad bhliain sa scoil dara leibhéal.

Cad leis a mbeifeá ag súil i ndiaidh an vacsaíniú
D'fhéadfadh míchompóird, deargadh agus at a bheith san áit ar tugadh an t-instealladh i gcás roinnt leanaí.

D'fhéadfadh cantal agus fiabhras a bheith orthu. Má tharlaíonn sé seo, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein naíonán a thabhairt dóibh.

Ba chóir duit neart a thabhairt dóibh le n-ól chomh maith. Déan cinnte nach bhfuil siad ró-the agus nach bhfuil a gcuid éadaí ag cuimilt i gcoinne na háite inár tugadh an t-instealladh.

Cé nár chóir dóibh an vacsaín MenC a fháil?
Tá an vacsaín MenC sábháilte d'fhormhór na ndaoine. Mar sin féin, níor chóir do leanbh an vacsaín a fháil sa chás go raibh fíor-fhrithghníomh ailléirgeach (anaifiolacsas) i gcoinne dáileoige roimhe seo nó i gcoinne aon chuid den vacsaín.

Cuimhnigh
Tugann an Vacsaín MenC cosaint i gcoinne MenC meiningíteas agus seipticéime a eascraíonn ó ionfhabhtú meiningeacocúil C amháin.

Tá cúiseanna eile ann don mheiningíteas agus seipticéime agus ní mór duit fios a bheith agat ar na comharthaí sóirt chun é a aithint. I measc na gcomharthaí sóirt tá:
- fiabhras,
- diúltú do bhia,
- cuma bán san éadan nó craiceann breactha, spotaí nó gríos, nó
- codlatacht nó deacair é/í a dhúisiú.

Má tá imní ort faoi do leanbh, glaoigh ar do dhochtúir teaghlaigh láithreach.

Chun tuilleadh eolais a fháil
- Déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh nó d'altra sláinte poiblí
- Faigh cóip de "Imdhíontaí do Pháiste- Treoir do Thuismitheoirí" atá ar fáil ó d'altra sláinte poiblí.